# 2. Comórtais Riarthóirí Céim ar Chéim

## Intreoir

Tar éis dúinn breathnú ar phrionsabail agus nósanna imeachta chomórtais de chuid EPSO, is féidir linn anois dul ar aghaidh chuig céimeanna sainiúla na gcomórtas ar bhonn níos mionsonraithe.

**Maidir le comórtas AD5 do ghinearálaithe (a bhfuil céim acu) (ó 2019 amach) ba iad seo leanas na céimeanna:**

1. Fógra Comórtais, Féinmheasúnú, Clárú
2. An Chéim Réamhroghnaithe (an chéad bhabhta scrúduithe)
3. Tástáil idirmheánach
4. Ionad Measúnaithe (an dara babhta iomlán scrúduithe)
5. Liosta Ionadaithe, Earcaíocht

D'fhéadfadh leagan amach éagsúil a bheith ar na céimeanna éagsúla ag brath ar an gcomórtas. Maidir le teangeolaithe de, cuir i gcás, tástálacha aistriúcháin a bheadh i gcéim 3, ach d'fhéadfadh ord difriúil a bheith ann do speisialtóirí mar gheall ar an úsáid a bhaintear as an Scagthástáil Tallainne.

Soláthraímid thíos achoimre ar gach ceann de na céimeanna agus na tástálacha, mar aon le roinnt comhairle praiticiúla. Soláthraítear i gcaibidlí níos déanaí sa leabhar seo cuntas agus ábhair chleachtais an-mhionsonraithe don chéim chriticiúil réamhroghnaithe.

Ar an gcéad dá leathanach eile gheobhaidh tú cairteacha ina dtaispeántar na tástálacha a úsáidtear ag gach céim de chomórtais do roinnt próifílí samplacha. Cuimhnigh nach bhfuil iontu seo ach samplaí agus beidh ort an Fógra Comórtais a sheiceáil le haghaidh na dtástálacha beachta a úsáidtear ag gach céim de do chomórtas.

## Céim 1: Fógra Comórtais, Féinmheasúnú, Clárú, Scagthástáil Tallainne

### *An Fógra Comórtais*

Is fógra riaracháin speisialta é an Fógra Comórtais (FC) a dhírítear ar shaoránaigh uile an AE agus dá bhrí sin foilsítear é in Iris Oifigiúil an AE (EUR-Lex) i gcló agus ar líne. Tá sé tábhachtach a shonrú gurb é an FC an t-aon fhoinse oifigiúil faisnéise, dá bhrí sin má fheiceann tú aon léirmhíniú contrártha nó difriúil sa phreas nó ar shuíomh gréasáin, déan cinnte de go ndéanann tú an bhunfhoinse bharántúil a sheiceáil, a dtagraítear di i gcónaí ar shuíomh Gréasáin EPSO.

| *Comórtas Riarthóir Iarchéime AD5 2019* | *Sampla de Chomórtas Speisialtóra AD6/AD7* |
|---|---|
| **RÉAMHROGHNÚ**<br>Réasúnaíocht bhriathartha<br>Réasúnaíocht uimhriúil<br>Réasúnaíocht theibí<br>Breithiúnas ar dhálaí | **RÉAMHROGHNÚ**<br>*(a) Má tá líon na n-iarratas os cionn na tairsí arna socrú ag EPSO*<br>Réasúnaíocht bhriathartha<br>Réasúnaíocht uimhriúil<br>Réasúnaíocht theibí<br>*(b) Má tá sé faoi bhun na tairsí, is san Ionad Measúnaithe a bheidh na tástálacha seo* |
| ↓ | ↓ |
| **TÁSTÁIL IDIRMHEÁNACH**<br>Cleachtadh r-tráidire | **SCAGTHÁSTÁIL TALLAINNE**<br>*Le déanamh ar dtús má tá feidhm ag (b) thuas* |
| ↓ | ↓ |
| **IONAD MEASÚNAITHE**<br>Cur i láthair ó bhéal<br>Cás-staidéar<br>Cleachtadh grúpa<br>Agallamh bunaithe ar inniúlacht<br>Agallamh inspreagtha | **IONAD MEASÚNAITHE**<br>Cás-staidéar<br>Cleachtadh grúpa<br>Agallamh bunaithe ar inniúlacht<br>Agallamh sa réimse |
| ↓ | ↓ |
| **LIOSTA IONADAITHE** | **LIOSTA IONADAITHE** |

## *Sampla de Chomórtas Aistritheoirí AD5*

**RÉAMHROGHNÚ**

**Réasúnaíocht bhriathartha**
**Réasúnaíocht uimhriúil**
**Réasúnaíocht theibí Tuiscint**
**teanga (teanga 2 agus 3)**
**Scileanna príomhtheanga (teanga 1)**

↓

**TÁSTÁIL AISTRIÚCHÁIN**

**Teanga 2 go 1**
**Teanga 3 go 1**

↓

**IONAD MEASÚNAITHE**

**Cur i láthair ó**
**bhéal Cleachtadh**
**grúpa**
**Agallamh bunaithe ar inniúlacht**

↓

**LIOSTA IONADAITHE**

## *Sampla de Chomórtas AD7 do Dhlítheangeolaithe*

**RÉAMHROGHNÚ**

**Réasúnaíocht bhriathartha**
**Réasúnaíocht uimhriúil**
**Réasúnaíocht theibí**
**Tuiscint teanga (teanga 2)**

↓

**TÁSTÁIL AISTRIÚCHÁIN**

**Téacs dlíthiúil a aistriú ó theanga 2 go 1**

↓

**IONAD MEASÚNAITHE**

**Cur i láthair ó bhéal**
**Cleachtadh grúpa**
**Agallamh bunaithe ar inniúlacht**
**Inniúlachtaí sainiúla réimse**

↓

**LIOSTA IONADAITHE**

Is é **AD 5** an grád ag a dtosaíonn céimithe a ngairmeacha beatha mar riarthóirí sna hinstitiúidí Eorpacha. Is féidir le riarthóirí a earcaítear ag an ngrád seo tabhairt faoi thrí phríomhchineál oibre sna hinstitiúidí: ceapadh beartais, seachadadh oibriúcháin, agus bainistíocht acmhainní. Táimid ag lorg go háirithe na hiarrthóirí siúd a bhfuil an acmhainneacht iontu a ngairmréim a fhorbairt.

Is é ról ginearálta na riarthóirí tacú le lucht cinnteoireachta misean a n-institiúide nó a gcomhlachta a chur i gcrích.

Áirítear lena bpríomhdhualgas, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó institiúid amháin go hinstitiúid eile, na dualgais seo a leanas:

– cláir agus pleananna gníomhaíochta a cheapadh, a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht agus rialú a dhéanamh orthu,
– acmhainní a bhainistiú lena n-áirítear baill foirne, airgeadas agus trealamh,
– cuidiú le lucht cinnteoireachta trí bhíthin cion scríbhinne nó béil a dhéanamh,
– bileoga faisnéise maidir le hanailís bheartais a dhréachtú,
– cumarsáid sheachtrach chomh maith le tuairisciú agus cumarsáid inmheánach a dhéanamh,
– caidreamh a bheith acu le geallsealbhóirí seachtracha agus leis na Ballstáit,
– comhordú agus comhairliúchán idir-seirbhíse agus idir-institiúideach maidir le beartas a dhéanamh,
– comhordú a dhéanamh ar ghrúpaí oibre arna mbunú ag na Ballstáit, na hinstitiúidí agus geallsealbhóirí seachtracha eile,
– conarthaí a dhréachtú, gairmeacha ar thograí agus cuirí chun tairiscintí a ullmhú, agus páirt a ghlacadh i gcoistí meastóireachta le monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta roghnúcháin agus leithdháileadh tograí.

Is cáipéis sách mór an FC ina leagtar amach na critéir fhoirmiúla incháilitheachta, riachtanais teanga, spriocdhátaí agus socruithe praiticiúla eile a bhaineann leis an gcomórtas. Chomh tábhachtach céanna leis sin, tá raidhse faisnéise san FC ar féidir leat a úsáid chun do leasa trína léamh go cáiréiseach, amhail méid an liosta ionadaithe (ionas gur féidir leat do sheans a mheas agus mar sin cinneadh a dhéanamh faoin bhfo-phróifíl nó réimse a ndéanfaidh tú iarratas uirthi).

Tá an "sainchuntas poist" bunúsach, a dtugtar tuairisc mhionsionraithe air san FC freisin, an-spéisiúil mar nach amháin go dtugtar le fios inti na cineálacha tascanna a bheadh le déanamh agat nuair a bheifeá fostaithe; is féidir leat leideanna go leor a bhaint aisti maidir leis na hábhair atá le díriú orthu nuair atáthar ag ullmhú do chodanna de chuid na céime measúnaithe atá sainiúil do réimse ar leith, go háirithe an cás
staidéir.

Thuas, mar léiriú, tá sleachta as **Fógra Comórtais do chomórtas Riarthóir ginearálta**, ina ndéantar cur síos ar phríomhghnéithe an róil.

Tá sé ríthábhachtach gach mionsonra a chuirtear ar fáil san FC a thuiscint agus anailís a dhéanamh orthu. Beidh an méid seo ina chuidiú duit na tuislí dealraitheacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le dícháiliú a sheachaint (mar shampla riachtanas go leagfaí teastas áirithe isteach nó síniú a chur le atá le cur isteach) – chuirfeadh sé iontas ort an méid daoine a ndiúltaítear dóibh ar chúiseanna foirmiúla trí dhearmad a dhéanamh ar dháta, ar fhoráil nó ar réamhriachtanas trí thimpiste.

## *Féinmheasúnú*

Úsáidtear an féinmheasúnú mar uirlis go forleathan in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i ngnólachtaí ilnáisiúnta san earnáil phríobháideach, agus baineann EPSO úsáid as freisin. Is cuspóir leis cinntiú go dtuigeann iarrthóirí a bhfuil i gceist i ndáiríre le poist an AE agus deireadh a chur le míthuiscintí chomh luath agus is féidir.

Tá sé i gceist leis seo iarratais neamh-incháilithe a laghdú, agus frustrachas iarrthóirí a mhaolú.

Tá an féinmheasúnú, nár chóir é a thógáil in ainriocht an Scagthástáil Tallainne a úsáidtear le haghaidh speisialtóirí, neamh-dhíbreach, rud a chiallaíonn nach féidir leat pas nó teip a fháil bunaithe ar do chuid freagraí.

> ### *Pointe tábhachtach*
>
> Is minic a bhíonn líon na n-iarratas ar chomórtais ró-ard. Is é an réasúnaíocht atá ag EPSO líon na n-iarratas a laghdú le go mbeifí in ann comórtais a láimhseáil. Ná tabhair údar do lucht eagraithe an chomórtais fáil réidh leat díreach mar go ndearna tú botún de bharr siléige i d'fhoirm iarratais.

## *Clárú agus Iarratas*

Déantar an clárú go heisiach ar líne ar shuíomh gréasáin EPSO (Gairmeacha an AE) ag tús an nóis imeachta.

Is é an chéad chéim **Cuntas nó próifíl EPSO** a chruthú, ar próifíl phearsanta ar líne í ina dtarlóidh do chomhfhreagras le EPSO. Má athraíonn tú do sheoladh poist nó ríomhphoist le linn an nóis imeachta nó má éiríonn aon fhaisnéis teagmhála eile míchruinn, déan cinnte de go ndéanfaidh tú do chuntas ar líne a nuashonrú láithreach bonn.

Más rud é, tar éis duit clárú, nach seoltar an ríomhphost dearbhaithe chuig do bhosca isteach taobh istigh de chúpla uair an chloig, seiceáil d'fhillteán turscair nó mórchóir ríomhphoist mar go bhféadfadh sé gur mí-chomhdaigh d'fheidmchlár ríomhphoist é; mura bhfaigheann tú rud ar bith ina dhiaidh sin, iarr cúnamh teicniúil ar EPSO. Déan cinnte de, áfach, nach gcláróidh tú faoi dhó mar go bhféadfadh sé go mbeadh dícháiliú ina thoradh air sin má tá sé le tabhairt faoi deara go raibh athchomhairle á déanamh agat agus tú ag déanamh amhlaidh.

Braithfidh an méid a chaithfidh tú a dhéanamh ag céim an iarratais ar do chomórtas. Is gnáthchleachtas é d'incháilitheacht don chomórtas a dheimhniú (e.g. do shaoránacht, leibhéal an oideachais atá bainte amach agat), agus do theanga 1 agus do theanga 2 a dhearbhú, ach d'fhéadfadh gnéithe eile a bheith éagsúil. Mar a bhíonn an scéal i gcás gach rud a bhaineann le comórtais EPSO, ní mór duit cloí go dlúth leis na rialacha atá leagtha síos san Fhógra Comórtais.

Má tá tú ag cur isteach ar **chomórtas ginearálta AD5** tá an próiseas iarratais simplí mar go dtabharfar cuireadh do gach iarrthóir incháilithe tabhairt faoin tástáil ríomhaire-bhunaithe ag an gcéim réamhroghnaithe. Ní gá duit ach a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraíonn tú cruinn arae mura bhfuil d'fhéadfá a bheith dícháilithe ón gcomórtas díreach de bharr do shiléige féin. Is féidir leat d'iarratas a chur isteach i do theanga 1 freisin. Maidir le **comórtais teangeolaithe** beidh ort d'fhoirm iarratais a chomhlánú i dteanga 2 agus b'fhéidir go mbeidh ort faisnéis bhreise a bhaineann leis an gcomórtas a sholáthar ach, ag glacadh leis go bhfuil tú incháilithe, féadfaidh tú a bheith ag súil go nglaofaí ort chuig an mbabhta réamhroghnaithe de thástálacha ceisteanna ilrogha – i.e. ní dhéantar aon iarrthóir a dhíbirt tríd an Scagthástáil Tallainne (féach leathanach 24).

Déantar dearbhuithe san fhoirm iarratais "ar d'onóir" agus ní éilítear cruthúnas ar an méid a mhaíonn tú ag céim an iarratais. Mar sin féin ní fiú in aon chor é iarracht a dhéanamh "snas a chur" ar an méid a mhaíonn tú (e.g. ligean ort go bhfuil leibhéal inniúlachta níos airde agat i dteanga 2 ná mar atá agat i ndáiríre, nó tréimhse taithí oibre a mhaíomh a bhí ní b'fhaide nó a raibh ní ba mhó freagrachta ag roinnt léi ná mar a bhí i ndáiríre). Is próiseas dian é an próiseas roghnaithe ar fad agus beirfear ort – agus d'fhéadfadh sé go ndícháileofaí thú ó chomórtas ina bhféadfá a beart a dhéanamh ar bhonn ráiteas fírinneach agus ar bhonn do thuillteanas féin.

Ar deireadh, pointe follasach ach pointe riachtanach is ea an chomhairle seo a leanas: *Ná fág d'iarratas go dtí an nóiméad deireanach*. Tarlóidh sé go mbeidh scaoll ort faoi phíosa faisnéise atá ar lár agus a theastaíonn uait don fhoirm a aimsiú, nó faoin nasc idirlín a chailleadh ag nóiméad ríthábhachtach. Má dhéanann tú deifir i mbun an próisis agus má dhéanann tú botún ní bheidh tú in ann é a cheartú i ndiaidh duit d'iarratas a bhailíochtú. Agus má chailleann tú an spriocdháta, tá deireadh le d'iarratas; níl aon fhoráil ann d'iarratais dhéanacha.

*Scagthástáil Tallainne*

Má tá tú ag cur isteach ar **chomórtas speisialtóra** beidh ort faisnéis bhreise a sholáthar faoi do dhioplómaí agus do thaithí oibre agus ceisteanna a fhreagairt a bhaineann go sainiúil leis an réimse a bhfuil tú ag déanamh iarratais air. Is é seo an **Scagthástáil Tallainne** agus tá EPSO ag baint a thuilleadh úsáide as seo anois ná mar a baineadh roimhe seo. Tá sé ríthábhachtach go soláthraíonn tú an fhaisnéis cheart, ní hamháin, ach go ndéanann tú cinnte de freisin nach dtéann aon rud a d'fhéadfadh cuidiú le d'iarratas amú ort (lena n-áirítear faisnéis ábhartha a sholáthair tú i gcodanna eile den fhoirm iarratais). An chúis leis seo is ea gurbh fhéidir nach bhfaighidh tú an dara seans dul ní b'fhaide – seans go ndéanfaidh an Bord Roghnúcháin an "chéad ghearradh" d'iarrthóirí bunaithe go simplí ar an Scagthástáil Tallainne. Fiú mura ndéanann, agus má ghlaotar ar gach iarrthóir chuig babhta réamhroghnaithe, úsáidfear an Scagthástáil Tallainne mar bhunús le do mheasúnú ag an Ionad Measúnaithe. Ní mór an Scagthástáil Tallainne a chomhlánú i do theanga 2 freisin ionas gur féidir leis an mBord Roghnúcháin comparáid oibiachtúil a dhéanamh leis na hiarrthóirí uile. Uaireanta ní mór an fhoirm iarratais iomlán do chomórtais speisialtóra a chomhlánú i dteanga 2.

## Céim 2: Réamhroghnú

> ***Pointe tábhachtach***
>
> Is é réamhroghnú an chéim ag a dteipeann ar fhormhór na n-iarrthóirí. Is iad croíthástálacha réamhroghnaithe do Riarthóirí is príomhábhar don leabhar seo.

Tar éis duit na céimeanna thuas a ghlacadh agus ar chuntar go gcomhlíonann tú na critéir fhoirmiúla incháilitheachta go léir, is amhlaidh gur cheart duit cuireadh oifigiúil a fháil chuig an gcéim réamhroghnaithe, a chuirfear in iúl duit i do phróifíl EPSO ar líne. Chomh luath agus a thagann an teachtaireacht seo a bhfuiltear ag súil go fonnmhar léi, is amhlaidh gur chóir duit dul i mbun d'ullmhúchán láithreach bonn (mura bhfuil tú tosaithe orthu cheana féin) mar go bhféadfadh sé go n-osclófar an tréimhse áirithinte láithreach bonn agus go mbeidh an scrúdú le tarlú gan mhoill.


Nuair atá an áirithint oscailte, is féidir leat ionad agus am a roghnú as na hionaid scrúdaithe agus na sliotáin ama atá ar fáil. Má tá cónaí ort taobh amuigh den Eoraip, féadfaidh tú ionad scrúduithe a roghnú lasmuigh de na Ballstáit; tá EPSO tar éis síneadh a chur le réimse na n-ionad scrúduithe chomh fada le mór-ranna eile trí bhíthin lárionaid tástála idirnáisiúnta sa tSín, i SAM agus in áiteanna eile nach iad, ar forbairt í sin a bhfuil fáilte roimpi (cé nach gá go mbaineann sí le gach scrúdú).


Agus ionad scrúduithe á roghnú agat, déan cinnte de go bhfuil tú ar an eolas go hiomlán faoi na saincheisteanna lóistíochtúla: déan léarscáil suíomh an scrúdaithe a phriontáil, faigh amach cén t-iompar poiblí a théann chuige ar lá na scrúduithe, déan cinnte de nach bhfuiltear ag súil le stailc ná le cur isteach ar sheirbhísí an lá sin, agus bíodh plean cúltaca agat ar fhaitíos go mbeadh moill ort, amhail uimhir theileafóin ghnólacht iontaofa tacsaí.

Is í an chomhairle ghinearálta atá agam ar dhaoine atá ag tabhairt faoin tástáil tosú ag cleachtadh chomh luath agus is féidir leat; b'fhearr tosú díreach tar éis duit an cinneadh a dhéanamh scrúdú EPSO a shuí.

> ***Pointe tábhachtach***
>
> Is féidir tástálacha réamhroghnaithe den chineál a thuairiscítear sa leabhar seo a thabhairt san Ionad Measúnaithe i roinnt comórtas do speisialtóirí. Braitheann sé ar líon na n-iarrthóirí.

Sa chéim réamhroghnaithe, bíonn an iomaíocht fíochmhar de ghnáth agus ní mór duit an scór is airde agus is féidir a bhaint amach i dtástálacha síciméadracha deacra. (Cuimhnigh, áfach, gurb é an Scagthástáil Tallainne an chéim "réamhroghnúcháin" i gcás comórtais speisialtóra áirithe, agus go bhfuil na tástálacha síciméadracha ina gcuid den Ionad Measúnaithe.)




Molaim go láidir plean staidéir nithiúil a ullmhú ina gcuireann tú i leataobh do dhóthain ama do na seachtainí agus na míonna amach romhat le haghaidh cleachtaidh, athbhreithnithe, ionsamhlaithe agus ullmhúcháin. Ní éireoidh leat más é an cur chuige atá agat díreach aghaidh a thabhairt ar an obair seo nuair nach bhfuil tada eile ar bun agat – beidh an chéad eipeasód eile den tsraith Netflix is ansa leat níos tarraingtí i gcónaí ná déileáil le rombais i gceisteanna réasúnaíochta teibí.

## *Scóráil*

Mar atá le feiceáil sa tábla ar an gcéad leathanach eile, bíonn na rialacha a bhaineann le scóráil/marcáil éagsúil ó chomórtas amháin go comórtas eile. Tá sé riachtanach a chinntiú go bhfuil rialacha an chomórtas áirithe a bhfuil tú istigh air ar eolas agat agus go dtuigeann tú iad, má tá tú le díriú ar na réimsí ríthábhachtacha atá le cleachtadh agat.

Mar a thaispeántar sa tábla, tá “pasmharcanna” ag na tástálacha éagsúla. **Ní mór trí ghné thábhachtacha de phasmharcanna a chur san áireamh**.

- **Is éard atá i bpasmharc go baileach ná pasmharc lom. Is ionann aon mharc faoina bhun agus teip** Mura mbaineann tú an pasmharc amach i dtástáil ar bith a bhfuil a sainnítear pasmharc dó, is amhlaidh atá bheidh deireadh le do rannpháirtíocht sa chomórtas, ainneoin a fheabhas agus a éiríonn leat i ngach tástáil eile.

| Comórtas | Tagairt | Réasúnaíocht Bhriathartha | Réasúnaíocht Uimhriúil | Réasúnaíocht Theibí | Breithiúnas ar Dhálaí | Nóta |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AD 7 in 1. Eacnamaíocht airgeadais 2. Maicreacnamaíocht | EPSO/AD/339/17 | 20 ceist. 15/30 in éineacht le réasúnaíocht theibí | 6/10 | 10 gceist 15/30 in éineacht le réasúnaíocht bhriathartha | Ní úsáidtear | |
| **Riarthóirí Iarchéime AD5 2019** | **EPSO/AD/373/19** | **5/10** | **5/10** | **10/20** | **24/40** | **Pasmharc ag teastáil i ngach tástáil ach ní chuirtear ach tástálacha réasúnaíochta teibí agus breithiúnais ar dhálaí san áireamh don scór.** |
| Iniúchadh AD5 | EPSO/AD/357/18 | 5/10 | 5/10 | 10/20 | 24/40 | Pasmharc ag teastáil i ngach tástáil ach ní chuirtear ach tástálacha réasúnaíochta teibí agus breithiúnais staide san áireamh sa scór/mharc. |
| AD7 in 1. Custaim, 2. Cánachas | EPSO/AD/363/18 | 10/20 | 10 gceist, 10/20 in éineacht le réasúnaíocht theibí | 10 gceist, 10/20 in éineacht le réasúnaíocht uimhriúil | Ní úsáidtear | |
| Innealtóirí Bainistíochta Foirgneamh AD6 | EPSO/AD/342/17 | 10/20 | 10 gceist, 10/20 in éineacht le réasúnaíocht theibí | 10 gceist, 10/20 in éineacht le réasúnaíocht uimhriúil | Ní úsáidtear | |
| Aistritheoirí Iodáilise AD5 | EPSO/AD/345/17 | 20 ceist. 15/30 in éineacht le réasúnaíocht theibí | 4/10 | 10 ceist. 15/30 in éineacht le réasúnaíocht bhriathartha | Ní úsáidtear | Úsáidtear ceisteanna ilrogha teanga ríomhaire-bhunaithe don tástáil freisin |
| AD7 Dlítheangeolaithe Danmhairgise | EPSO/AD/349/17 | 10/20 | 10 gceist. 8/20 in éineacht le réasúnaíocht theibí | 10 gceist. 8/20 in éineacht le réasúnaíocht uimhriúil | Ní úsáidtear | Úsáidtear ceisteanna ilrogha de chuid tástála teanga ríomhaire-bhunaithe freisin |
| AD6 Beartas agus Reachtaíocht maidir le Sábháilteacht Bia | EPSO/AD/341/18 | 10/20 | 10 gceist. 10/20 in éineacht le réasúnaíocht theibí | 10 gceist. 10/20 in éineacht le réasúnaíocht uimhriúil | Ní Úsáidtear | |
| **AD5 Riarthóirí Iarchéime 2017** | **EPSO/AD/338/17** | **10/20** | **5/10** | **10/20** | **Ní Úsáidtear** | **Pasmharc ag teastáil i ngach tástáil ach ní chuirtear ach tástálacha réasúnaíochta teibí agus breithiúnais ar dhálaí san áireamh don scór.** |

Agus tú ag ullmhú do chomórtas mar sin, ní féidir leat neamhaird a dhéanamh de na réimsí a bhfuil tú lag acu sa tsúil go sábhálfar thú trí éirí go maith i réimsí eile.

- Is **riachtanas íosta** é pasmharc agus NÍ ticéad é le dul ar aghaidh go dtí céad chéim eile comórtais. Roghnóidh EPSO an "líon X is fearr" iarrthóirí don chéad chéim eile. Mar sin, cuir i gcás go bhfuil EPSO ag pleanáil cuireadh a thabhairt do 120 iarrthóir chuig an gcéad chéim eile agus go n-éiríonn le 500 iarrthóir na pasmharcanna a bhaint amach i ngach tástáil, is amhlaidh nach bhfaighidh ach an 120 ag a bhfuil na scóir is fearr an cuireadh.
- **Féadfar torthaí dhá thástáil a chur le chéile** le pasmharc a chruthú do na tástálacha in éineacht. Mar shampla, ag breathnú ar an tábla ar an leathanach thall, cuireadh na marcanna le haghaidh na dtrialacha réasúnaíochta briathartha agus na réasúnaíochta teibí le chéile i gcás comórtas AD5 d'aistritheoirí Iodáilise le pasmharc in éineacht a sholáthar. Mar sin, dá mbeadh iarrthóir an-mhaith chuig réasúnaíocht bhriathartha, agus dá bhfaighidh sé/sí 15/20 agus dá mbeadh sé/sí an-lag chuig réasúnaíocht theibí agus mura bhfaigheadh sé marcanna ar bith, b'amhlaidh a bhainfeadh sé/sí an pasmharc amach i gcónaí mar gurbh é 15 an scór in éineacht a bhí aige/aici le haghaidh réasúnaíochta briathartha agus teibí. D'fhéadfadh sé sin an brú a bhíonn ar iarrthóirí a laghdú de bheagán más é go bhfuil a fhios acu go bhfuil na torthaí a fhaigheann siad i gceann dá dtástálacha is láidre le cur in éineacht le ceann dá thástálacha is laige. Ar ndóigh, i gcás na n-aistritheoirí de, bheadh an fhadhb acusan fós go bhféadfadh iarrthóirí eile 15/20 a fháil i réasúnaíocht bhriathartha ach pointí a charnadh i réasúnaíocht theibí, agus ar an gcaoi sin scór níos airde a fháil don dá thástáil in éineacht. Mar a dúradh cheana, ní leor díreach na pasmharcanna a bhaint amach, ní mór duit a bheith i measc an "X is fearr" maidir leis na scóir.

Toisc thábhachtach eile atá le cur san áireamh is ea *go ndéanann EPSO neamhaird iomlán ar thorthaí roinnt tástálacha uaireanta* agus do scóir á n-iomlánú aige, ar an gcuntar, ar ndóigh, go bhfuil an pasmharc bainte amach agat sna tástálacha sin.

Féach, mar shampla, ar na rialacha scórála do chomórtas iarchéime AD5 2019. B'éigean duit pasmharc 5/10 a bhaint amach sna tástálacha réasúnaíochta briathartha agus uimhriúla araon. Mar sin féin, maidir leis na "X scór is fearr" a dheanamh amach, rinne EPSO neamhaird de na scóir réasúnaíochta briathartha agus uimhriúla agus díreach chuir siad le chéile na scóir le haghaidh réasúnaíochta teibí agus breithiúnais ar dhálaí. Agus na rialacha sin i bhfeidhm, luigh sé le ciall go ndéanfadh iarrthóir cinnte de go raibh sé/sí "maith go leor" leis na pasmharcanna a fháil sa réasúnaíocht bhriathartha agus uimhriúil agus ansin a c(h)uid iarrachtaí go léir a dhíriú ar a "éirí chomh maith agus is féidir leis/léi" sa dá thástáil eile. Sa saol iarbhír bíonn sé doiligh éirí thar cionn chuig gach gné den saol agus mar sin ba cheart go mbeadh tionchar ag an gcaoi a ndéantar do chomórtas a scóráil ort agus tú ag féachaint leis an réimse a aithint ina ndéanfaidh tú an iarracht is déine feabhsú.

Ar deireadh, ba chóir duit a bheith ar an eolas *go bhféadann agus go ndéanann EPSO na rialacha scórála do chomórtais atá cosúil lena chéile a athrú ó chomórtas go comórtas*. Díreach mar gur scóráladh cineál áirithe comórtais bealach áirithe in aon bhliain faoi leith, ní chiallaíonn sé sin go mbeidh na rialacha céanna i bhfeidhm an chéad bhliain eile.

Sampla suntasach de sin ba ea an scóráil do bhabhta réamhroghnaithe chomórtas AD5 do Riarthóirí a bhfuil céim acu i gcomórtais 2017, 2018 agus 2019 (féach an tábla). Maidir le 2018 agus 2019, ba iad na scóir tástála réasúnaíochta teibí agus bhreithiúnais ar dhálaí na cinn a cuireadh le chéile leis an "X ab fhearr" a chinneadh. I 2017, i gcodarsnacht leis sin, ba í an réasúnaíocht theibí agus bhriathartha a cuireadh le chéile lena aghaidh sin agus ní raibh fiú tástáil breithiúnais ar dhálaí ann ar chor ar bith! Cé go bhfuil an córas EPSO réasúnta seasmhach i gcomparáid le corraíl ollmhór 2010, níl gach rud greanta i gcloch in aon chor agus mar sin ní mór duit a bheith ar an airdeall faoi na hathruithe a dhéantar.

### *Rialacha Scórála do Chomórtas AD5 Dóibh siúd a bhFuil Céim acu 2019*

Ba é 5/10 na pasmharcanna do na tástálacha réasúnaíochta briathartha agus uimhriúla, ba é 10/20 na pasmharcanna don tástáil réasúnaíochta teibí agus ba é 24/40 na pasmharcanna don tástáil breithiúnais ar dhálaí. Níor mhór an pasmharc íosta a bhaint amach i nGACH tástáil ach ba iad na scóir tástála réasúnaíochta teibí agus breithiúnais ar dhálaí AGUS IADSAN AMHÁIN ar baineadh úsáid astu le go gcáileofar iarrthóir don chéad chéim eile, mar atá an tástáil idirmheánach.

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



***Pointe tábhachtach***

Ba cheart gurb í an chaoi a ndéantar do chomórtas a scóráil a socraíonn an réimse ar a ndíreofá an iarracht ullmhúcháin ba dhéine.

### *Scáileáin Ríomhaire*

De bhrí go ndéantar gach tástáil sa chéim réamhroghnaithe a reáchtáil ar ríomhairí atá lonnaithe in ionaid chreidiúnaithe scrúduithe, ba cheart duit a bheith ullamh do na deacrachtaí a bhaineann leis seo. Bíonn léamh téacs i gcónaí níos moille ar scáileán ríomhaire ná mar a bhíonn ar pháipéar, agus bíonn tionchar ag méid an chló agus ag an taifeach scáileáin ar luas léitheoireachta chomh maith. Ní féidir nótaí tráchta a bhreacadh ar an scáileán go teicniúil, dá bhrí sin ní mór duit nótaí a ghlacadh ar an dramhpháipéar nó ar an scláta inscriosta a sholáthraíonn lucht na n-ionad scrúdaithe. (Tá an méid seo níos ábhartha fós maidir leis an gcás-staidéar dé, atá ina chuid fhoirmiúil den Ionad Measúnaithe, fiú más gnách go n-eagraítear ar leithligh é ar chúiseanna lóistíochta.) Maidir leis an tástáil réasúnaíochta uimhriúil de, tá áireamhán ar an scáileán ar fáil agus soláthraítear áireamhán nithiúil atá measartha caighdeánach amhail áireamhán Sharp EL-240 SA nó a leithéid.

Tá cúpla buntáiste ag roinnt le scrúduithe ríomhaire-bhunaithe, áfach. Orthu siúd tá: na feidhmeanna marcála agus aibhsithe; an méid ama atá ar fáil a bheith ar taispeáint (rud nach bhfuil ceaptha brú a chur ort ach cuidiú le bainistíocht ama); clárú uathoibríoch na gceisteanna freagartha agus neamhfhreagartha (rud a chuideoidh leat cuntas a choinneáil ar na ceisteanna); an tsolúbthacht a bhaineann le lá áisiúil scrúduithe a roghnú do gach iarrthóir (seachas aon lá scrúdaithe amháin a bheith ann do gach iarrthóir); agus ceartú níos tapa (agus níos iontaofa) do chuid freagraí i bhfianaise na meastóireachta leictreonaí.

### *Tástálacha Réasúnaíochta Briathartha agus Uimhriúla*

Is gnách go dtugtar **tástálacha síciméadracha** ar na tástálacha réasúnaíochta briathartha agus uimhriúla, agus ar na tástálacha réasúnaíochta teibí chomh maith. Tá siad seo ar na modhanna is coitianta le scileanna cognaíocha agus le héirim aigne fostaithe ionchasacha a mheas. Baineann gnólachtaí ilnáisiúnta agus lucht earcaíochta státseirbhísí ar fud an domhain úsáid fhorleathan astu mar gheall ar a sholúbtha agus atá sé iad a chur i bhfeidhm, a n-éifeachtúlacht costais agus a n-ábharthacht chruthaithe le scileanna iarrthóirí a thomhas. Soláthraítear i gcaibidlí ábhartha an leabhair seo modheolaíocht iomlán agus na céadta cleachtaí cleachtais: is éard atá sa méid seo a leanas cur síos ar an gcaoi a ndéantar na tástálacha seo a reáchtáil mar aon le roinnt comhairle ghinearálta faoin gcaoi le dul i ngleic leo.

Is éard is **réasúnaíocht bhriathartha** ann go bunúsach tástálacha léamhthuisceana ina n-éilítear ort ceist a fhreagairt bunaithe ar shliocht téacs. Riail bhunúsach is ea gan ach an fhaisnéis atá sa téacs a mheas.

Ar an lámh eile de, is éard is **réasúnaíocht uimhriúil** ann cleachtadh ríofa ina n-úsáidtear cairteacha, táblaí agus graif staitisticiúla agus, bunaithe orthu sin, éilítear ort céatadán áirithe nó figiúr a dhéanamh amach, nó cinneadh a dhéanamh faoi luachanna coibhneasta (e.g. “Bunaithe ar an tábla, cén tír ina raibh an ráta breithe ab airde in 2018?”). Is féidir go mbeidh ceisteanna dúshlánach ar uairibh mar nach dteastaíonn ríomh beacht, nó ríomh beacht íosta, de bharr gur féidir leat an tomhas a shimpliú trí mhodhanna ríofa agus trí aicearraí a chur i bhfeidhm. Cuirtear sraith uirlisí chuimsitheach ar fáil i gcaibidlí ábhartha an leabhair seo.

Tá EPSO ag úsáid tástálacha réasúnaíochta briathartha agus uimhriúla le roinnt blianta ina chomórtais agus tá cruthaithe go bhfuil siad ar cheann de na codanna is dúshlánaí de nós imeachta na scrúduithe. Cé go bhféadfaí eolas faoin AE, mar a tástáladh roimh 2010 é, a chur de ghlanmheabhair go pointe áirithe trí dhóthain ama a chaitheamh leis, ní mór cur chuige iomlán difriúil a ghlacadh leis an mbeart a dhéanamh i réasúnaíocht bhiarthartha agus uimhriúil. Tá sé ríthábhachtach mar sin an mhodheolaíocht a fhoghlaim, agus ansin neart cleachtaidh a dhéanamh, le go n-éireoidh leat.

Mar a luadh sa mhír ar theangacha thuas, ó 2011 is féidir gach tástáil réasúnaíochta briathartha agus uimhriúla a dhéanamh i do chéad teanga (in éineacht le réasúnaíocht theibí, ach sa chás sin níl aon bhaint ag an rogha teanga). Féadfaidh teangeolaithe a bheith ag súil go mbeidh dhá nó trí thástáil réasúnaíochta briathartha éagsúla acu: ceann amháin ina bpríomhtheanga (atá ag brath ar an bpróifíl teanga a ndearna siad iarratas uirthi, e.g. aistritheoir Bulgáirise nó ateangaire Gearmáinise); cé go mbraitheann an dá cheann eile ar na teangacha foinse atá ar fáil don scrúdú áirithe sin (tá stádas faoi phribhléid ag an mBéarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis agus bíonn siad i gcónaí i measc na dteangacha).

Déan do sheacht ndícheall d'fhoclóir foriomlán i dteanga an scrúdaithe a fheabhsú trí láithreáin ghréasáin nuachta atá ar ardchaighdeán a léamh, trí do scileanna litrithe d'fhocail chasta a neartú, trí athbhreithniú a dhéanamh ar do thuiscint ar aonaid tomhais (billiúin i gcomparáid le milliúin, cé mhéad lítear atá in aon mhéadar ciúbach, etc.) agus ar oibríochtaí bunúsacha matamaitice. Chomh maith leis na hacmhainní iomadúla atá sa leabhar seo, gheobhaidh tú tástálacha réasúnaíochta briathartha i 19 dteanga dhifriúla ar láithreán gréasáin Oiliúna an AE.

## *Tástálacha Réasúnaíochta Teibí*

Cineál tástála eile a úsáideann fostóirí idirnáisiúnta go tráthrialta is ea réasúnaíocht theibí; is gné choitianta í de thástálacha coitianta sainuimhir éirime (IQ) freisin. Tá réasúnaíocht theibí difriúil leis an dá thástáil eile mar nach dteastaíonn scileanna teanga: níl ach aon phríomhcheist amháin le freagairt do gach tasc, amhail "Cé acu fíor is ea an chéad fhíor eile sa tsraith?"

Cur chuige praiticiúil do EPSO is ea na ceisteanna seo a úsáid le pearsanra a roghnú ós rud é nach gá an cleachtadh a aistriú go teanga ar bith, agus mar gur cruthaíodh go heolaíoch freisin go bhfuil tástálacha réasúnaíochta teibí neodrach ó thaobh cultúir de faoi mar a dhéantar "éirim luaineach" iarrthóirí a thástáil. Tagraíonn an téarma deireanach seo don chumas fadhbanna nua a réiteach agus an gaol idir coincheapa éagsúla a thuiscint, neamhspleách ar aon eolas a fuarthas cheana.

An phríomhscil a theastaíonn uait le tástálacha réasúnaíochta teibí a réiteach go héifeachtúil is ea "samhlaíocht" − is é sin le rá, an cumas samhlú i d'aigne ar an gcaoi fíoracha áirithe a rothlú, a thiontú nó a athrú de réir loighce nó rialach áirithe. Tá an riail seo ar cheann de na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcineál ceiste seo arae ba cheart go mbeifeá in ann fíor a "dhioscadh" agus a chomhpháirteanna a aithint. Is dócha go mbeidh siad siúd atá ábalta tascanna dá leithéid a dhéanamh in ann déileáil le cásanna anaithnide nó nua san ionad oibre: mar sin tá luach níos praiticiúla ag roinnt leis an scil seo maidir le fíorfheidhmíocht poist a thuar ná mar a fheictear ar an gcéad spléachadh. Is féidir leat teacht ar líon mór ceisteanna tástála réasúnaíochta teibí agus ar modheolaíocht mhionsonraithe freisin i gcaibidil 9, 10 agus 11 an leabhair seo.

## *Tástálacha Breithiúnais ar Dhálaí*

Is é is cuspóir le tástálacha breithiúnais dálaí **cásanna réalaíocha a bhaineann leis an obair** a chruthú, cásanna ina gcaithfidh tú an gníomh is iomchuí a dhéanamh amach i bhfianaise na bparaiméadar agus an cháis.

Gné thábhachtach de thástálacha breithiúnais ar dhálaí is ea nach bhfuil aon fhreagra "ceart" nó "contráilte" ann agus do bhreithiúnas á úsáid agat. Ina ionad sin, baineann breithiúnas le do chumas cás ar leith a mheas agus cinntí atá sainmhínithe go soiléir a ghlacadh maidir leis an gcéad chéim eile a thabhairt, bunaithe ar do thaithí saoil uathúil féin agus ar do thuiscint ar chultúr agus ar rialacha eiticiúla institiúidí an AE, agus sciar áirithe den tuiscint choiteann a chur i bhfeidhm ar chásanna oibre.

> ### ***Pointe tábhachtach***
>
> Ní bhíonn tástálacha breithiúnais ar dhálaí i gceist le go leor comórtais AD. Ina ionad sin déantar measúnacht san Ionad Measúnaithe ar na hinniúlachtaí a bhíonn á dtomhais iontu. Rud an-tábhachtach, áfach, is ea gur minic a úsáidtear tástálacha dá leithéid do chomórtais mhóra AD5 do "ghinearálaithe" a bhfuil céim acu: Cé go bhfuarthas réidh leo do chomórtas 2017, úsáideadh iad arís i gcomórtas 2018 agus 2019 (féach an tábla ar leathanach 26).

Tá dlúthbhaint ag an méid sin leis na hinniúlachtaí, a ndéantar achoimre orthu i gcaibidil 1, a bhfuil EPSO sa tóir orthu maidir leis na hoifigigh AE a cheapfar amach anseo.

Ó tharla nach bhfuil freagraí cearta nó contráilte ann mar sin, is faoi riarthóirí na tástála an cinneadh a dhéanamh an bhfuil freagra amháin níos fearr ná freagra eile; mar sin féin, is é an liosta inniúlachta a bhunaigh EPSO an tagarmharc le luach gach freagra a dhéanamh amach agus is ina fhianaise siúd a dhéantar iarrthóirí a mheas. Tugtar míniú níos cuimsithí air seo i gcaibidil 12.

Tá sé tábhachtach a shonrú, cé gur cinnte gur féidir achoimre a thabhairt ar dhálaí de chuid an tsaoil iarbhír in abairtí nó in ailt ghairide, is annamh a thagaimid ar dhálaí sa saol atá baileach cosúil leis na ceisteanna seo. Mar shampla, d’fhéadfadh sé go dtiocfá ar chomhghleacaí a d’fhéadfadh a bheith ag gadaíocht ach a d’fhéadfadh a bheith i do chara freisin, nó duine lena bhfuil tú in iomaíocht dhíreach le haghaidh ardú céime. Is cinnte go mbeadh tionchar ag tosca dá leithéid ar do bhreithiúnas agus do fhreagra.

### *Tástálacha Scileanna Gairmiúla*

Is féidir go ndéanfar scileanna a bhaineann go sonrach le réimse an chomórtais (do speisialtóirí agus do theangeolaithe) a thástáil sa chéim réamhroghnaithe nó san Ionad Measúnaithe, nó iontu araon. Ar mhaithe le héascaíocht pléitear na cineálacha tástálacha seo i mír ar leithligh thíos.

### *Fógra faoi Thorthaí*

Tar éis na céime réamhroghnaithe, cuirtear iarrthóirí ar an eolas faoina dtorthaí dearfacha nó diúltacha araon. Cuirtear na scóir agus na freagraí a thug tú in iúl duit i ngach cás, cé nach féidir le EPSO na ceisteanna ilrogha a nochtadh iad féin, ar chúiseanna praiticiúla, ach díreach na freagraí a mharcáil tú.

> **Pointe tábhachtach**
>
> Tá luach teoranta ag an aiseolas ó EPSO faoi do thorthaí tástála réamhroghnaithe má theip ort sa tástáil agus má tá tú ag pleanáil ar an tástáil a dhéanamh an athuair. Insíonn EPSO duit na freagair-roghanna a bhí ceart agus na cinn a roghnaigh tú ach de bhrí nach dtugann siad na fíorcheisteanna ina n-iomláine an athuair ní féidir a oibriú amach cén áit a ndeachaigh tú amú. Ní mór duit cleachtadh leis na tástálacha sa leabhar seo le feiceáil cá bhfuil tú ag dul amú.

Ó tharla go bhféadfadh na mílte mílte iarratasóirí a bheith ann ag an gcéim réamhroghnaithe, shocraigh EPSO nach n-éileofar cáipéisí tacaíochta a leagan isteach ach ar na hiarratasóirí siúd a fuair pas sa chéim réamhroghnaithe nó ar speisialtóirí a cuireadh ar an ngearrliosta iad i bhfianaise a CV. Ciallaíonn an méid sin nach bhféadfadh fiú na daoine siúd a bhfuil an chéad chonstaic sáraithe acu cheana féin talamh slán a dhéanamh dá n-incháilitheacht don chéim mheasúnaithe.

## Céim 3: Tástáil Idirmheánach

Is le rídheireanas a cuireadh an tástáil idirmheánach le próiseas roghnúcháin EPSO agus is cleachtadh r-thráidire atá ann. Tugadh isteach go sonrach do chomórtas iarchéime AD5 é, arb é an ceann is mó den bhliain i gcónaí maidir le líon na n-iarratas de, ach úsáideadh freisin i gcomórtas Iniúchóireachta 2018 é (ach ní i gcomórtas 2019). Déantar an tástáil ar ríomhairí in ionaid tástála ar fud na mBallstát.
Deartar an tástáil idirmheánach i riocht agus go ndéanfar cúiteamh ar dheacracht atá réasúnta soiléir leis na tástálacha réamhroghnaithe i gcomórtais ghinearálaithe ina bhfuil líon an-mhór iarrthóirí. Má tá na mílte iarrthóirí ann – ag cuimhneamh air go meallfaidh comórtas iarchéime AD5 i bhfad níos mó ná 20,000 iarrthóir – nach dtabharfar cuireadh ach do chuid bheag díobh chuig an Ionad Measúnaithe, tá an baol ann nach bhfeicfidh na measúnóirí go deo faoi chomhair measúnaithe phearsanta ach na daoine eisceachtúla siúd a n-éiríonn thar barr leo i dtástálacha amhail réasúnaíocht theibí.

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



> ***Pointe tábhachtach***
>
> Soláthraítear sa tástáil idirmheánach "dara seans" úsáideach i roinnt comórtas ina bhfuil go leor iarrthóirí. Ach ní mór duit scór an-mhaith a fháil sna tástálacha réamhroghnaithe fós.

D'fhéadfadh sé nach iad na hiarrthóirí sin na daoine a bhfuil an réimse idéalach de "scileanna boga" acu i gcónaí – na hinniúlachtaí EPSO, a liostaítear i gcaibidil 1 – a theastaíonn le haghaidh státseirbhíseach "dea-oilte" AE.

Tá sé dodhéanta ar bhonn lóistíochtúil (agus bheadh sé róchostasach ar aon chaoi) cuireadh a thabhairt do na mílte iarrthóirí chuig Ionad Measúnaithe, mar sin is próiseas scagtha é an tástáil idirmheánach, a deartar i riocht agus go dtabharfar dara seans do chuid díobh siúd ar éirigh go maith leo, ach nár éirigh sách maith leo, sna tástálacha réamhroghnaithe. Tá an cleachtadh r-tráidire, dála na dtástálacha réamhroghnaithe, ríomhaire-bhunaithe agus mar sin tá sé indéanta ar bhonn lóistíochtúil ach leagtar an bhéim ar scileanna oifige sa saol iarbhír ann, agus éilítear ann go pointe áirithe mar sin na hinniúlachtaí a thomhaisfear go críochnúil ar leibhéal an duine dhaonna san Ionad Measúnaithe.

Is é an prionsabal ginearálta go dtabharfaidh EPSO cuireadh chuig an tástáil idirmheánach dá 10-11 oiread líon na n-iarrthóirí, nó mar sin, atáthar a lorg don liosta ionadaithe. Mar sin de, cuir i gcás, as an 22,666 a chuir isteach ar chomórtas AD5 do chéimithe 2018, tugadh cuireadh do 1639 an tástáil idirmheánach a dhéanamh i gcomparáid le liosta ionadaithe beartaithe de 158 iarrthóir rathúil. Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an gcomórtas AD5 2018 i réimse na hIniúchóireachta, tugadh cuireadh chuig an tástáil idirmheánach do 803 de na 4755 iarrthóir a rinne iarratas ar an gcomórtas i gcomparáid leis an liosta ionadaithe beartaithe de 80.

**Ba chóir trí phointe thábhachtacha maidir leis an tástáil idirmheánach a thabhairt faoi deara.**

- Ar an gcéad dul síos, agus mar a léirítear sna figiúirí thuas, cé go dtugtar sa tástáil idirmheánach dara seans úsáideach dóibh siúd nach mbeadh tharr barr chuig réasúnaíocht uimhriúil nó réasúnaíocht theibí, cuir i gcás, tarraingeoidh a bhformhór mór d'iarrthóirí i gcomórtais dá leithéid siar ag an gcéim réamhroghnaithe. Is é sin le rá, *ní mór duit i gcónaí scór an-mhaith a fháil sna tástálacha réamhroghnaithe* mar sin ní féidir leat déine an ullmhúcháin do na tástálacha sin a mhaolú in aon chor sa tsúil go ndéanfaidh tú "tú féin a shábháil" ag an tástáil idirmheánach.
- Ar an dara dul síos, a luaithe agus a bhaintear amach céim na tástála idirmheánaí, *déantar dearmad ar do scóir réamhroghnaithe*. Is é sin le rá, fiú má fuair tú an scór uasta i ngach rud sna tástálacha réamhroghnaithe, ní chuideoidh an méid sin leat má éiríonn go dona leat sa tástáil idirmheánach.
- Ar an tríú dul síos, tá r-tráidire na tástála idirmheánaí, ar bhonn foirmiúil, ina chuid den Ionad Measúnaithe. Ciallaíonn an méid sin, sa chás a éiríonn leat céim an Ionaid Mheasúnaithe a bhaint amach, *gurb amhlaidh a chuirfear do scóir r-tráidire leis na scóir a gheobhaidh tú i gcleachtaí an Ionaid Mheasúnaithe* d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-éireoidh leat sna hinniúlachtaí anailíse agus réiteach fadhbanna, ardchaighdeán agus torthaí a sheachadadh, cúrsaí oibre a chur in ord tosaíochta agus a eagrú, agus oibriú le daoine eile. Mar sin, arís eile, ní féidir leat "díreach do dhóthain" a dhéanamh – ní mór duit do dhícheall a dhéanamh an scór is fearr agus is féidir a fháil.

Pléitear an cleachtadh r-tráidire san eagrán *The Ultimate EU Test Book Assessment Centre.*

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



# Céim 4: Ionad Measúnaithe

## *Cleachtaí Cineálacha don Ionad Measúnaithe*

Úsáidtear Ionad Measúnaithe mar **an dara babhta iomlán de scrúduithe** do Riarthóirí (teangeolaithe san áireamh) agus do Chúntóirí (ach i bhformhór na gcásanna, an chéad bhabhta do speisialtóirí). San Ionad Measúnaithe déanann roinnt breathnóirí oilte ar a dtugtar "measúnóirí" meastóireacht ar d'fheidhmíocht i gcaitheamh leathlae nó i gcaitheamh lae iomláin de chleachtaí a forbraíodh go sonrach chun na críche seo. Baineann EPSO úsáid as an iliomad cineálacha cleachtaí bunaithe ar a gcreat inniúlachta: is é is cuspóir leis go ndéanfar gach inniúlacht (a liostaítear i gcaibidil 1, amhail "Ardchaighdeán agus torthaí a sholáthar") a thástáil le dhá chineál cleachtaí le cinntiú go bhfuil na breathnuithe bailí.

**Is iad a leanas na croí-chleachtaí cineálacha a úsáidtear faoi láthair san Ionad Measúnaithe do Riarthóirí**:

1. An Cás-Staidéar
2. Cleachtadh an Ghrúpa
3. An tAgallamh Ginearálta bunaithe ar Inniúlacht
4. An Cur i Láthair ó Bhéal

Tá na cleachtaí thuas cineálach sa mhéid is go ndéantar iontu tástáil ar iompraíochtaí agus cáilíochtaí pearsanta ar bhealaí a bhaineann leis an réimse leathan ról a d'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí tabhairt fúthu le linn a ngairme. Ar chúiseanna riaracháin, féadfar an Cás-staidéar a dhéanamh as féin.


Tugadh isteach tástáil nua, mar atá "spreagadh AE", le haghaidh chomórtas Riarthóir ginearálta 2018, ina ndéantar meastóireacht ar do thiomantas oibriú don AE .

Chomh maith leis na "croí-eilimintí" seo den mheasúnú, beidh tástálacha eile i gceist leis an gcomórtas le haghaidh ról atá níos speisialaithe ná sin ina a ndíreofar ar eolas sainiúil, faoi mar a mhíneofar sa chuid seo a leanas.

### *Gach eolas faoin Ionad Measúnaithe*

Déantar cur síos iomlán ar na cleachtaí a úsáidtear san Ionad Measúnaithe agus ar na hinniúlachtaí a thomhaistear iontu in *The Ultimate EU Test Book Assessment Centre,* a dhéantar a nuashonrú go rialta.

Tá na cleachtaí seo an-difriúil leis na tástálacha síciméadracha (réasúnaíochta) a ndírímid orthu sa leabhar seo. Ina ionad sin, deartar iad i riocht agus go ndéanfar tástáil ar na "scileanna boga" amhail "oibriú le daoine eile" a bhíonn ag teastáil le feidhmiú go héifeachtach mar státseirbhíseach AE.



# Tástálacha Scileanna Gairmiúla AD

Tá dúshlán dúbailte roimh iarrthóirí sna comórtais do theangeolaithe agus speisialtóirí. Tá an réimse céanna de thástálacha réasúnaíochta agus de chleachtaí Ionaid Mheasúnaithe iontu, a bheag nó a mhór, agus atá sna cleachtaí do ghinearálaithe ach déantar tástáil dhian freisin ar scileanna sin na n-iarrthóirí a bhaineann go sonrach leis an bpróifíl a bhfuil siad ag déanamh iarratas air.

## *Tástálacha Scileanna do Theangeolaithe (Aistritheoirí, Ateangairí, Dlítheangeolaithe)*

De ghnáth déantar tástáil ar scileanna teanga teangeolaithe i dtrí chéim, an babhta réamhroghnaithe, an dara babhta de thástálacha aistriúcháin in ionad creidiúnaithe EPSO, agus ansin san Ionad Measúnaithe. Ach ní mór dóibh dul i ngleic leis na cineálacha eile tástálacha a bhíonn le déanamh ag gach iarrthóir chomh maith. Ciallaíonn an méid sin, cuir i gcás, in ainneoin a fheabhas agus a d'fhéadfadh aistritheoir a bheith chuig téascanna a aistriú, ní ghabhfaidh siad thar an gcéad bhabhta réamhroghnaithe de thástálacha ríomhaire-bhunaithe mura bhfaigheann siad na marcanna riachtanacha ina dtástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí. B'fhéidir nach bhfuil cuma an dúshláin ar na marcanna *per se* (e.g. 4 as 10 i réasúnaíocht uimhriúil – féach an scóráil shamplach sa tábla ar leathanach 26) ach ní leor an pasmharc a fháil amháin mar nach dtabharfar cuireadh chuig an gcéad chéim eile de thástálacha aistriúcháin ach don "líon X is fearr" d'iarrthóirí a bhfuil na marcanna iomlána is airde acu. Ina dhiaidh sin, déanfar tástáil ar a n-inniúlachtaí cineálacha san Ionad Measúnaithe, mar sin má tá a gcuid "scileanna boga" míshásúil ansin, arís eile, ní shábhálfaidh scil maidir le téacsanna a aistriú iad.

Léiríonn an méid sin a thábhachtaí atá sé go ndéan teangeolaithe iad féin a ullmhú ar "bhonn uilechuimsitheach", go háirithe ar an údar go bhféadfadh sé gurbh iad scileanna teanga seachas na tástálacha eile a bhfíorláidreacht.

> **Pointe tábhachtach**
>
> Is cuma cé chomh maith is atá tú mar aistritheoir mura féidir leat pas a fháil sna tástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí.

**Ní mór do theangeolaithe 3 theanga a thairiscint** agus beidh an riachtanas teanga an-bheacht. Cuir i gcás, i gcomórtais aistritheoirí AD5 2017, dá mb'aistritheoirí Gearmáinise a bhí ann b'éigean gurbh í teanga 1 teanga an chomórtais (i.e. an Ghearmáinis), b'éigean gurbh é an Béarla nó an Fhraincis teanga 2 agus b'amhlaidh an scéal é maidir le teanga 3 freisin. Is é sin le rá, níorbh iad ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na 3 theanga a d'fhéadfá a thairiscint.

Dá mb'iarrthóir Iodáilise tú, b'éigean gurbh í an Iodáilis teanga 1, b'éigean gurbh é an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis teanga 2 Béarla, agus b'éigean gur cheann den Bhéarla, den Fhraincis nó den Ghearmáinis teanga 3. Ar an gcaoi chéanna, le haghaidh chomórtas AD7 do dhlítheangeolaithe 2016, b'éigean gur cheann de theangacha an chomórtais (sa chás seo an Spáinnis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Liotuáinis, an Mháltais nó an tSualainnis) teanga 1, b'éigean gurbh é an Béarla teanga 2, agus b'éigean gur cheann den Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis, an Pholainnis nó  an Spáinnis teanga 3.

Is é teanga dúchais (mura Béarla nó Fraincis í) + Béarla + Fraincis an cumasc teangacha is infheidhme ar bhonn forleathan. Is é eolas ar na teangacha oibre is tábhachtaí. Ní fiú a bheith in ann leath-dhosaen teangacha a thairiscint mura n-áirítear leo ar a laghad ceann amháin agus de ghnáth dhá cheann de na teangacha oibre.

Maidir le comórtas AD5 2017 d'aistritheoirí, ag an mbabhta tástála réamhroghnaithe ríomhaire-bhunaithe, thug iarrthóirí aghaidh ar thástálacha ina dhá theanga foinse (teangacha 2 agus 3) (agus ar thástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí i dteanga 1 – teanga an chomórtais). Ar an gcuntar go bhfuair siad an pasmharc sa réasúnaíocht uimhriúil, níor cuireadh an scór réasúnaíochta uimhriúla san áireamh agus a scór iomlán á ríomh.

Sa chéad chéim eile, thug na haistritheoirí aghaidh ar thástálacha aistriúcháin ó theangacha 2 agus 3 go teanga 1 agus arís tugadh cuireadh don "X is fearr" chuig an Ionad Measúnaithe mar a ndearna siad na cleachtaí inniúlachta (cur i láthair ó bhéal, agallaimh bunaithe ar inniúlacht agus cleachtadh grúpa, ach gan aon chás-staidéar) i dteanga 2, agus cuireadh na scóir sna cleachtaí sin leis na scóir siúd a tugadh ar aghaidh ó na tástálacha aistriúcháin.

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



***Cruthaigh do phas inniúlachta féin!***

Féadfaidh tú do fhéinmheasúnú féin a dhéanamh ag úsáid inniúlachtaí EPSO ar:

**www.johnharperpublishing.co.uk/the-ultimate-eu-career-development- toolkit/**

Ginfidh an trealamh uirlisí seo do phas inniúlachta pearsanta féin go huathoibríoch. Is bealach iontach é le tús a chur le d'ullmhúcháin d'Ionad Measúnaithe agus tá sé saor in aisce le húsáid.

Sa chomórtas dlítheangeolaithe a luaitear thuas, ag an gcéad bhabhta rinneadh tástáil tuisceana teanga i dteanga 2 agus rinneadh tástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí i dteanga 1. B'éigean dóibh siúd ar tugadh cuireadh dóibh chuig an gcéad bhabhta eile, an tástáil aistriúcháin, téacs dlíthiúil a aistriú ó theanga 2 go teanga 1. San Ionad Measúnaithe, i dteannta le hagallamh ginearálta bunaithe ar inniúlacht agus cleachtadh grúpa i dteanga 2, b'éigean d'iarrthóirí achoimre a dhéanamh i dteanga 1 ar théacs dlíthiúil i dteanga 3 agus cur i láthair ó bhéal a dhéanamh lena n-áirítear a n-inniúlachtaí sainréimse (i.e. eolas ar dhlí an AE go háirithe) i dteanga 1.

### *Tástálacha do Speisialtóirí*

Mar a sonraíodh roimhe seo, d'fhéadfadh sé go n-aistreofaí na tástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí réamhroghnaithe le haghaidh speisialtóirí go céim an Ionaid Mheasúnaithe, ag brath ar líon na n-iarratasóirí.

Mar riail ghinearálta, deir EPSO má tá líon na n-iarratasóirí speisialaithe (e.g. eolaí núicléach, saineolaí beartais comhtháthaithe, dlíodóir iomaíochta etc.) X oiread níos mó ná líon na n-áiteanna atá ar fáil ar an liosta ionadaithe, is amhlaidh a eagróidh sé babhta réamhroghnaithe dóibh siúd chomh maith. Mura bhfuil, cuirfear na tástálacha seo san áireamh sa chéim mheasúnaithe. Déanann úsáid na Scagthástála Tallainne sa chás sin nach gá go nglaofaí gach duine a dhéanann iarratas chuig aon tástáil ar in aon chor. Tá an méid sin difriúil le comórtais Riarthóirí eile mar a bhfuil an riail réamhshocraithe ann go dtabharfar cuireadh do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir fhoirmiúla incháilitheachta chuig na tástálacha réamhroghnaithe.

Déantar tástáil ar eolas speisialtóra sa chéim mheasúnaithe go príomha i bhfoirm cleachtaidh phraiticiúil, agallamh speisialta spriocdhírithe atá sainiúil don réimse, agus/nó faoi chreat an cháis-staidéir. Tá dlúthbhaint ag an gceann deireanach seo le próifíl an chomórtais agus leis an bhfophróifíl nó leis an réimse a roghnaigh an t-iarrthóir tráth a ndearnadh an t-iarratas.

Léirítear an tábhacht a bhaineann le heolas atá sainiúil don réimse sna comórtais do speisialtóirí sa mhéid is go bhféadfadh 55% (nó os a chionn sin i gcásanna áirithe) den scór deiridh san Ionad Measúnaithe a bheith i gceist leis an eolas sin, i gcomparáid le 45% i gcás na n-inniúlachtaí "ginearálta".

Déantar tástáil ar eolas sainiúil do na próifílí go léir, de bhrí nach féidir aon iarrthóir cumasach nach bhfuil an t-eolas cuí aige/aici ar an réimse roghnaithe a earcú, i bhfianaise mhian EPSO gur chóir go mbeadh gach oifigeach nua infheidhme "ón gcéad lá". Ar a bharr sin, bhíonn tuiscint láidir ar institiúidí, ar nósanna imeachta agus ar pháirtithe leasmhara an AE de dhíth ar speisialtóirí iad féin, rud a d'fhéadfadh pointí luachmhara a chur le d'fheidhmíocht i gcéim mheasúnaithe an scrúdaithe. Cuir i gcás, má tá tú eolach ar chomhthéacs foriomlán bheartas comhshaoil an AE, agus má tá eolas agat ar na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí atá i gceist, na rialacha foirmiúla atá ann le beartas a achtú sa réimse seo, na cumainn Eorpacha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag glacadh páirt ghníomhach i dtionchar a imirt ar lucht cinnteoireachta, agus an smaointeoireacht straitéiseach maidir le todhchaí an bheartais seo, is amhlaidh atá tú in ann a thuilleadh a bhaint as an gcleachtadh grúpa, as an gcás-staidéar nó as an gcur i láthair ó bhéal ná mar a bheadh go leor iarrthóirí eile nach bhfuil an t-eolas sin acu.

## Roghnúchán Buan CAST

### *Pointe tábhachtach*

Tairgtear i roghnúcháin bhuana CAST bealach malartach chuig post den chineál Riarthóra gan a bheith ina n-oifigeach buan. Mar sin féin, ní mór duit pas a fháil i gcónaí i dtástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí EPSO.

Eagraíonn EPSO roghnúcháin "bhuana CAST" mar a thugtar orthu ("Glaonna ar léirithe spéise") agus meallann siad go leor iarratasóirí mar mhalairt rogha ar na comórtais oscailte d'oifigigh bhuana.

Tá Gníomhairí Conartha le haghaidh Tascanna Sainiúla roinnte ina gceithre "ghrúpa feidhme" a ainmnítear le huimhreacha Rómhánacha, I go IV. Is é **Grúpa Feidhme IV** is airde. Áireofar le gníomhairí conartha Ghrúpa Feidhme IV próifílí amhail riarachán/acmhainní daonna, buiséadú agus pleanáil airgeadais, dlí, gnóthaí polaitiúla/beartais AE, aistritheoirí, agus cumarsáid, ar tascanna clasaiceacha cruthanta Riarthóra iad. I ndáiríre, tá poist CAST á n-úsáid de réir a chéile le róil a chlúdach a d'fhéadfadh oifigigh bhuana a ghlacadh murach sin: tá níos mó ná an cúigiú cuid d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh ina ngníomhairí conartha anois.

Tá ag gníomhairí conartha den Chineál 3(b), a bhíonn ag obair sna hinstitiúidí níos mó de ghnáth, conarthaí ar feadh téarmaí socraithe ach bíonn de bhuntáiste acusan go mbíonn siad incháilithe de ghnáth le páirt a ghlacadh i gcomórtais inmheánacha do phoist bhuana, agus is iondúil go mbíonn comórtais inmheánacha níos fusa ná na cinn oscailte. Mar sin de, d'fhéadfadh sé gur chéim aistir chuig post mar oifigeach buan Riarthóra é post mar ghníomhaire conartha 3(b).

Tá ag gníomhairí conartha den Chineál 3(a), a bhíonn ag obair, cuir i gcás, sna gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, conarthaí a mbíonn tréimhse éiginnte i gceist leo ar an dara hathnuachan, rud a fhágann go bhfuil cinnteacht phoist acu Cé nach bhféadfaí cur isteach ar chomórtais inmheánacha leis an gcineál conartha seo,, ar bhonn praiticiúil is féidir go mbeidh gairmeacha fada acu siúd ag a bhfuil gníomhaire conartha 3(a).

Ar roinnt bealaí tá na nósanna imeachta a bhaineann le CAST Buan an-difriúil leis na comórtais d'oifigigh bhuana.

- Níl **aon líon iarrthóirí rathúla beartaithe** ann le líon post atá sainithe, a bheag nó a mhór, a líonadh. Ina áit sin is bealach é seo le go mbeidh cúltaisce iarrthóirí ag na hinstitiúidí ar féidir leo glaoch orthu ó am go chéile de réir mar is gá. Mar sin de, níl aon bhealach ann le hiarratas a dhéanamh d'fhonn do sheans rathúlachta a ríomh./na seansanna go n-éireoidh leat a ríomh ag an am a dhéanann tú an t-iarratas.
- Níl **aon spriocdháta d'iarratais**; próiseas ceannoscailte atá ann trí chéile agus ní mór duit d'iarratas a athnuachan (le taispeáint go bhfuil suim agat/tú ar fáil i gcónaí) gach sé mhí.
- **Níl sé le tuiscint go dtabharfar cuireadh duit chuig aon tástáil i ndáiríre** díreach mar gur chuir tú isteach ar chomórtas. Ina áit sin, ní thabharfaidh an tseirbhís earcaíochta cuireadh ach d'iarrthóirí a cuireadh ar an ngearrliosta (iad siúd a réamhroghnaíodh) ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil in iarratais, de réir mar a thagann folúntais chun cinn. De bhrí go mbíonn líon mór iarratasóirí ann go minic, fágann sin go bhféadfar nach bhfaighidh tú deis tástáil ar bith a dhéanamh go deo.
- **Má fhaigheann tú pas sna tástálacha EPSO, is amhlaidh a bhainfidh an tseirbhís earcaíochta úsáid as a nós imeachta roghnúcháin féin** le feiceáil an bhfuil tú feiliúnach don phost. Má fhaigheann tú pas sna tástálacha, tá iallach ar an tseirbhís earcaíochta agallamh a chur ort. Nuair a bheidh pas faighte agat sna tástálacha EPSO, is amhlaidh a bheidh fáil ort le haghaidh tuilleadh tástála/earcaíochta ó sheirbhísí eile freisin, mar sin ní gá duit an próiseas a thosú an athuair.
- Tá na tástálacha ilrogha ríomhaire-bhunaithe a reáchtálann EPSO cosúil le "gnáth-chomórtais" EPSO. Airítear leo tástálacha réasúnaíochta uimhriúla, briathartha agus teibí (i do theanga 1) agus tástáil shainiúil inniúlachta ar leith don phróifíl agus don ghrúpa feidhme a ndearna tú iarratas orthu (i do theanga 2).

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



Sainmhínítear teangacha 1 agus 2 de réir mar a shainmhínítear sna gnáthchomórtais iad. Reáchtáiltear na tástálacha seo, áfach, **ar bhonn rollach ag eatraimh** (gach mí nó gach dara mí de ghnáth) seachas in aon achar amháin mar a dhéantar i gcás na ngnáthchomórtas. Ní bheidh an tseirbhís earcaíochta ag fanacht leat mar sin má thugtar an deis duit an scrúdú a dhéanamh, ba cheart duit é an deis sin a thapú a luaithe agus is féidir.

Tá tástálacha CAST EPSO níos fusa sa mhéid is nach mbíonn de thoradh orthu ach pas díreach nó teip díreach – níl ort a bheith i measc "an X iarrthóir is fearr", ar dúshlán mór é in go leor de na gnáthchomórtais. Cuir i gcás, is iad na pasmharcanna i nós imeachta CAST Buan atá fós ar oscailt, ar cuireadh tús leis siar i mí Eanáir 2017, 10/20 i réasúnaíocht bhriathartha agus 10/20 i réasúnaíocht teibí agus uimhriúil in éineacht.

Mar sin de is féidir leat éirí go dona i réasúnaíocht theibí, abair, fad agus gur féidir leat an méid sin a chúiteamh i réasúnaíocht uimhriúil, agus ní gá aon bhuairt a bheith ort faoin tionchar ar do scór comhiomlán. Ní mór duit pasmharc a fháil i do thástáil shainiúil inniúlachta (16/25 do Ghrúpa Feidhme IV) freisin.

Má fhaigheann tú pas i dtástálacha EPSO is amhlaidh nach gcuirtear do scóir san áireamh a thuilleadh (agus beidh siad bailí ar feadh 10 mbliana don réasúnaíocht uimhriúil, briathartha agus teibí agus 5 bliana don tástáil inniúlachta). Is éard a bhíonn i gceist ina dhiaidh sin an féidir leat pas a fháil in aon tástáil nó agallamh breise a eilíonn an tseirbhís earcaíochta. Fiú má theipeann ort sna tástálacha EPSO, féadfar go bhfaighidh tú seans eile iad a dhéanamh tar éis 6 mhí, sa chás gur thaitin do phróifíl leis an tseirbhís earcaíochta sách maith. Is é sin le rá, is ag an tseirbhís earcaíochta atá an chumhacht i gcaitheamh an phróisis go léir, ar bhonn i bhfad níos mó ná mar a bhíonn sna gnáthchomórtais oscailte.

> ***Pointe tábhachtach***
>
> I gcomórtais CAST Buan má fhaigheann tú pasmharc i dtástálacha réasúnaíochta briathartha, uimhriúla agus teibí EPSO is amhlaidh a bheidh sé bailí ar feadh 10 mbliana. Tá sé sin difriúil leis na gnáthchomórtais oscailte, a mbíonn gach ceann acu neamhspleách ar a chéile.

## *Measúnú na gCeann Aonaid*

Go traidisiúnta is trí Ionad Measúnaithe a dhéantar an measúnú ar na poist mar atá Ceann Aonaid agus Stiúrthóir. Ba cheart do ar spéis leo chur isteach ar phost mar Cheann Aonaid ullmhú ar an mbealach céanna agus a ullmhaíonn Riarthóirí, cé gur difriúil é an múnla inniúlachta faoina déantar meastóireacht orthu, agus fócas láidir ar shaincheisteanna a bhaineann le bainistíocht ann. Ciallaíonn sé seo go mbíonn ceisteanna ann ina ndéantar tástáil ar scileanna an iarrthóra maidir le bainistiú daoine, ama, foirne, airgeadais, oibríochtaí agus coimhlinte go mór chun tosaigh san agallamh bunaithe ar inniúlacht, agus seans go mbeidh tionchar acu siúd ar mhíreanna scrúdaithe eile amhail an cleachtadh grúpa agus an cás-staidéar freisin. Ar a bharr sin, moltar d'iarrthóirí na scrúduithe seo sin, a bheith eolach ar Rialacháin Airgeadais an AE agus ar na prionsabail ghinearálta a bhaineann le buiséid agus cistí a láimhseáil. Seachas an tIonad Measúnaithe, bheadh gnáthagallamh ag na hiarrthóirí seo leis na seirbhísí earcaíochta mar dhara céim an nóis imeachta.

## *Tuarascáil Mheasúnaithe*

Tar éis an Ionaid Mheasúnaithe agus na gcineálacha eile measúnaithe, réiteoidh na measúnóirí tuarascáil ina bhfuil **pas inniúlachta le do** mheas i gcomparáid leis na hinniúlachtaí réamhbhunaithe. Ciallaíonn an méid sin chomh maith nach i gcomparáid le hiarrthóirí eile a thabharfar breith ort ar dtús ach i gcomparáid leis na critéir oibiachtúla iompraíochta a éilíonn EPSO ar iarrthóirí.

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



Déanfar na hiarrthóirí feiliúnacha a rangú ina dhiaidh sin agus beidh tionchar ag d'fheidhmíocht i méadrachtaí eolais ghairmiúil ar an rangú céanna.

Bunaithe ar mhodheolaíocht chuíchóirithe agus struchtúrtha, réitíonn measúnóirí tuarascáil mar a ndéantar achoimre ar d'fheidhmíocht, agus ar do chuid láidreachtaí agus laigí chomh maith. Cuireann EPSO an tuarascáil seo ar fáil do gach iarrthóir cuma ar éirigh leo sa chéim mheasúnaithe nó nár éirigh. Is féidir go gcuirfidh an tuarascáil seo go mór le d'fhéinfhorbairt mar go soláthraítear inti anailís chuimsitheach ar do thréithe pearsantachta mar a tugadh faoi deara iad le linn an mheasúnaithe. D'fhéadfadh sé a bheith an-chuiditheach freisin agus tú ag déanamh cinneadh faoi cé acu de do scileanna nó d'inniúlachtaí nach mór a fhorbairt.

## Céim 5: Liosta Ionadaithe, Earcaíocht

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar éirigh leo pas a fháil san Ionad Measúnaithe, seoltar fógra chuig bosca ríomhphoist a gcuntas fíorúil EPSO ina ndeirtear "táimid sásta tú a chur ar an eolas ...". Ciallaíonn an méid sin freisin go bhfoilseofar d'ainm sna liostaí ionadaithe a fhoilsítear in Iris Oifigiúil an AE agus ar láithreán Gréasáin EPSO (mura roghnaíonn tú gan a bheith páirteach) agus cuirfear do phas inniúlachta, bunaithe ar an measúnú thuas, le do phróifíl a luaithe agus a chuireann tú tús le do chuid fostaíochta. Níor cheart dóibh siúd nár éirigh leo an babhta seo misneach a chailleadh arae is féidir leosan cur isteach an athuair ar aon scrúdú ina dhiaidh sin, agus é de bhuntáiste acu go mbeidh cur amach acu ar mhodhanna oibre an chórais.

### *Bailíocht an Liosta Ionadaithe*

A luaithe is a fhoilsítear liosta ionadaithe, tugtar le fios go soiléir i gcónaí ann an tráth a ngabhfaidh sé as feidhm, is é sin an dáta deiridh ar féidir duine a earcú uaidh. Mar sin féin, is é cleachtas EPSO síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an liosta ionadaithe le cinntiú go n-earcaítear gach iarrthóir atá ar fáil uaidh.

An réasúnaíocht atá ann go mbeadh liostaí ionadaithe na gcomórtas Riarthóra agus Cúntóra bailí go dtí go nginfear liosta nua mar thoradh ar an gcéad timthriall bliantúil eile; is é an cur chuige céanna é i leith teangeolaithe ach in ionad an chéad timthriall bliantúil eile, is é an chéad chomórtas eile sa teanga chéanna a thiocfaidh in áit an liosta a a bhí ann roimhe seo; maidir le speisialtóirí, tá na liostaí bailí ar feadh trí bliana ar a laghad fad is atá buaiteoirí gradaim orthu atá inearcaithe (ar fáil) fós.

### *Tairseach na nEarcaitheoirí*

A luaithe is a bhaineann siad áit amach ar an liosta ionadaithe, bíonn fáil ag na hinstitiúidí ar iarrthóirí (nó "**buaiteoirí gradaim**" mar a thugtar orthu ag an bpointe seo) le haghaidh earcaíochta. Cuireann tairseach na n-earcaitheoirí ar chumas earcaitheoirí cuardaigh ilchritéar a ghiniúint ar iarrthóirí sna liostaí trí chéile de na buaiteoirí gradaim atá ar fáil. Tá rochtain ag na seirbhísí earcaíochta ar phasanna inniúlachta buaiteoirí gradaim freisin. Moltar duit do CV a uaslódáil chuig an tairseach le tuilleadh faisnéise fút féin a roinnt.

### *Agallamh Poist*

Nuair a fhaigheann tú pas i gcomórtas EPSO, is amhlaidh a dhéanfaidh EPSO cnaipe "taispeáin folúntais" a ghníomhachtú i do chuntas, rud a thabharfaidh caoi duit na folúntais atá ar fáil a fheiceáil. A luaithe is a bheidh áit agat ar an liosta ionadaithe, is féidir leat tabhairt faoi stocaireacht a dhéanamh ar do shon féin trí uimhir thagartha do scrúdaithe a thaispeáint agus do CV a chur faoi bhráid Chinn Aonaid faoi leith; tá éifeachtacht mheasctha leis seo, áfach: cé go mbíonn rath ar an méid sin i gcás roinnt daoine áirithe, ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh toradh ar bith air i gcás daoine eile. Is féidir rochtain dhíreach ar an liosta folúntas inmheánach a bheith ag na hiarrthóirí sin atá ag obair i gceann d'institiúidí an AE cheana féin (e.g. mar ghníomhaire sealadach).

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



Uaireanta bíonn iarratas ar na poist seo teoranta d'iarrthóirí "inmheánacha"; uaireanta, déantar iarrthóirí "seachtracha" freisin a mheas má chomhlíonann siad sainriachtanais an phoist.

Ar deireadh, má tá seans agat teagmhálacha pearsanta a dhéanamh, féadfaidh sé do leas a dhéanamh arae is féidir leat dul i bhfeidhm go mór ar Cheann Aonaid nó do chumais a léiriú in áit a bheith ag brath ar theachtaireacht neamhphearsanta. B'fhéidir gurb í tráthnóna Dé hAoine an tráth ab fhearr le labhairt nó casadh le duine atá i gceannas, ach b'fhéidir go mbeidh ort taisteal chun na Bruiséile ar do chostas féin sa tsúil go n-éireoidh leat líonrú éifeachtach a dhéanamh. Agus má tá aithne agat ar dhaoine sna hinstitiúidí, féadfar go mbeidh moltaí pearsanta an-úsáideach freisin.

D'fhéadfá glaoch gutháin nó ríomhphost a fháil roinnt seachtainí nó roinnt míonna ina dhiaidh sin mar a bhfiafrófaí duit an mbeadh suim agat agallamh a dhéanamh le haghaidh poist in institiúid x nó in institiúid y de chuid an AE. Déan cinnte de i gcónaí go bhfuil do chuid sonraí teagmhála cothrom le dáta agus go ndéanann tú do phróifíl EPSO a sheiceáil go rialta freisin ionas nach gcaillfidh tú a leithéid d'imeachtaí tábhachtacha.

Nuair a thugtar an deis duit freastal ar agallamh poist, moltar go mór duit páirt a ghlacadh ann fiú murach é an post is tarraingtí duit féin é. Is féidir leat diúltú dó i gcónaí agus fanacht le tairiscint níos fearr nó tairiscint dhifriúil, ach is fearr a leithéid de roghanna a bheith agat ná diúltú go lom dóibh sa chéad áit agus dul sa seans. Is féidir leat taithí úsáideach agallaimh a fháil freisin agus tuilleadh eolais a fháil faoin bpost; b'fhéidir go dtuigfeá ar deireadh fiú gur post atá feiliúnach duit é i ndáiríre.

Tá an t-agallamh poist féin difriúil le codanna eile den chomórtas roghnúcháin mar go bhfuil sé dírithe ar d'fheiliúnacht don phost shainiúil agus seans nach mbeidh ann ach roinnt ceisteanna bunúsacha ginearálta AE. Má dhéanann tú iarratas ar phost mar shaineolaí sláinte tomhaltóra, cuir i gcás, féadfaidh tú a bheith ag súil le roinnt ceisteanna teicniúla faoin ábhar sainiúil seo ach gan ceist ar bith faoi Chonradh Liospóin nó faoi bheartas inimirce an AE nó a leithéid (mura bhfuil an post atá i gceist i DG HOME an Choimisiúin).

Is dócha go labhróidh d'agallóirí i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis, mura bhfuil tú ag déanamh iarratas ar phost aistritheora nó ateangaire mar a bhfuil an riail ann go labhrófar leat i do dhara teanga (má tá an teanga sin éagsúil leis na trí cinn thuas). Bíodh a fhios agat, áfach, go bhféadfar ceisteanna a chur ort i dteanga ar bith eile a shonraítear i do CV. Má airíonn tú go gcaithfidh tú cúrsaí a shoiléiriú tuilleadh, bí cúramach gan uasal le híseal a dhéanamh ar an agallóir agus go bhfuil do chomharthaíocht choirp measúil freisin.

### *Taisteal*

Is dócha go mbeidh ort taisteal go dtí an Bhruiséil nó Lucsamburg leis an agallamh a dhéanamh mura féidir glaoch físchomhdhála nó glaoch comhdhála teileafóin a shocrú in oifig ionadaíochta nó toscaireachta AE i do thír chónaithe. Más gá duit taisteal, aisíocfar na costais go léir agus tabharfar liúntas cothaithe measartha laethúil duit freisin (bunaithe ar choinníollacha foirmiúla dochta), ach ní go ceann roinnt seachtainí ina dhiaidh sin a dhéanfar an aisíocaíocht.

### *Earcaíocht*

Má bhí rath ar d'agallamh, is amhlaidh a thairgfear post duit ar dtús ar an bhfón nó ar ríomhphost, agus ar bhonn foirmiúil ina dhiaidh sin trí litir. Sa chás nach seachadtar an litir seo in am, déan cinnte de go n-iarrfaidh tú ar roinn Acmhainní Daonna na institiúide AE a mbeidh tú ag obair inti amach anseo, nó ar an aonad ina mbeidh tú ag obair, í a sheoladh chugat.

Ní mór do gach fostaí nua dul faoi scrúdú dochtúra. Is i ndiaidh agallamh rathúil a reáchtálfar é. De ghnáth seolfar litir nó ríomhphost chugat ina bhfuil "rún tairisceana", ina gcuirfear in iúl duit gur mian leis an tseirbhís tú a fhostú, ach is féidir é a tharraingt siar sa chás (annamh) nach n-éiríonn leat i do scrúdú dochtúra.

De ghnáth is féidir leat dáta tosaigh na fostaíochta a chomhaontú le do bhainisteoir nua, ionas gur féidir leat lóistín a lorg (más sa Bheilg tú, bain triail as *www.immoweb.be* nó tá rannán cuimsitheach d'fhógraí beaga ar Inlíon an Choimisiúin Eorpaigh le fógraí réadmhaoine) agus páipéarachas a shocrú in am trátha.

Íoctar as costais aistrithe mura raibh cónaí ort sa tír inar earcaíodh tú le tréimhse áirithe ama (e.g. má rinne tú cúrsa oiliúna AE sa Choimisiún sa Bhruiséil díreach sular earcaíodh thú, d'fhéadfaí go gcuirfí cosc le híoc do chostais aistrithe dá réir sin, cé gur sé mhí chónaithe de ghnáth an tréimhse ama a bhíonn i gceist leis an riail do dhaoine faoi oiliúint agus cúig mhí do dhaoine faoi oiliúint). Is féidir teacht ar na rialacha mionsonraithe sna Rialacháin Foirne d'oifigigh an AE.

## Eolas ar do Spriocanna

Is comhartha é gur cheannaigh tú an leabhar seo go bhfuil tú dáiríre maidir le gairm bheatha san AE a thosú. Ach is fiú duit i gcónaí machnamh leanúnach a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach agat duit féin. Chomh maith le bheith ag obair go crua ar mhionsonraí na dtástálacha EPSO atá romhat, ní mór duit a chinntiú freisin go bhfuil tú sásta céim siar a ghlacadh le *smaoineamh go straitéiseach agus go fadtéarmach.*

An "chloch is mó ar phaidrín" na ndaoine siúd atá ag iarraidh gairm i riarachán an AE is ea bheith ina státseirbhíseach buan de chuid an AE, Riarthóir i gceann de "chroí-institiúidí" an AE. Is é an stádas seo is siocair leis na deiseanna is leithne, leis na tuarastail is airde agus na sochair is fearr, agus le deiseanna do róil a bhfuil freagrachtaí agus aitheantas mór ag roinnt leo. Leis an sprioc seo a bhaint amach, níl ach bealach *díreach* amháin ann ndáiríre, agus is é sin pas a fháil i gcomórtas oscailte EPSO. Ach fiú an bealach sin, dá dhírí é, níl sé gearr i ndáiríre: mar a chonaiceamar thuas, féadfar idir 12 agus 15 mhí a bheith i gceist ón tráth a gcuirfidh tú d'iarratas isteach go dtí an uair a bhainfidh tú áit ar liosta ionadaithe amach, fiú má fhaigheann tú pas i do chéad chomórtas, agus féadfar tuilleadh míonna imeacht tharat sula bhfaighidh tú post i ndáiríre.

Mar is gnáth, ní gá gurb é an bealach is dírí an bealach is fusa. Tá an iomaíocht dian. Is amhlaidh an scéal é go háirithe más mian leat a bheith i do Riarthóir "ginearálta". Má tá tú ag lorg ról níos speisialaithe – agus, ar ndóigh, má tá na sainscileanna agat – d'fhéadfadh sé nach mbeadh an comórtas chomh dian sin, ach beidh sé dúshlánach mar sin féin. Má ghlacann tú páirt i gcomórtas oscailte agus má fhaigheann tú pas ann ar an gcéad iarraidh, beidh déanta go maith leat.

Is é an cleachtas atá ann nach bhfuil go leor díobh siúd dá ndéantar státseirbhísigh bhuana AE astu ag tosú as an nua. Ina choinne sin, thosaigh siad i gceann den iliomad ról sealadach nó conartha taobh istigh de na hinstitiúidí agus ansin lean siad ar aghaidh ar na "céimeanna aistir", uaireanta ag glacadh páirt i gcomórtas inmheánach nó i gcomórtas oscailte ina dtéann an taithí a bhain siad as a bheith ag obair sna hinstitiúidí chun a leasa.

Tá go leor daoine sna hinstitiúidí a rinne "hopáil" ó phost gearrthéarmach amháin go ceann eile, gan stádas an státseirbhísigh bhuain, mar dhea, a bheith acu i ndáiríre ach is amhlaidh a bhíonn go leor de bhuntáistí an oifigigh bhuain acu, agus sciar maith den bhunseasmhacht, de réir mar a éiríonn a gcuid taithí carntha níos luachmhaire do na hinstitiúidí a fhostaíonn iad. Is féidir leat a bheith cinnte de, agus an úsáid atáthar ag baint as poist conartha sna hinstitiúidí ag dul i méid, go n-éireoidh an stádas "leathbhuan" dá leithéid seo níos coitianta, ar stádas éiginnte é nach bhfuil sainmhínithe go maith.

Mar sin ní mór duit do roghanna a mheas go cúramach. An bhfuil tú go hiomlán tugtha dá bheith i do státseirbhíseach buan? Cé gurb é seo is idéalaí, is é seo an sprioc is deacra le baint amach. An mbeadh sé ní ba stuama tabhairt faoi chonradh/post sealadach a fháil ag an am céanna? Beidh tú ar an "taobh istigh" ansin, agus in ann leas a bhaint as na deiseanna a thagann chun cinn ach nach bhfuil ar fáil do dhaoine ar an taobh amuigh. Ní bheidh bac ort ansin na roghanna éagsúla atá ann a iniúchadh go comhuaineach – go deimhin féin, moltar go mór é. Seans nach mbeifeá go hiomlán tógtha le post CAST ach tá go leor post maith ar fáil sa chatagóir seo agus d'fhéadfadh sé a bheith ina thús maith freisin.

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



Beidh ort smaoineamh freisin ar an áit a bhfuil na poist lonnaithe. Má tá tú ag díriú ar ghairm sa Bhruiséil, ní mór duit díriú ar bhealaí gairme a thabharfaidh ansin thú. Cuimhnigh nach bhfuil i gceist le formhór na bpost san AE a bheith ag obair ar cháipéisí beartais ardleibhéil sa Berlaymont, agus Coimisinéirí AE ag fanacht ar do chuid iarrachtaí. Tá go leor róil chúloifige ann atá mar an gcéanna, a bheag nó a mhór, le bheith ag obair in aon mhórúdarás poiblí. Más é an Bhruiséil "mian do chroí", b'fhéidir go mbeidh ort go leor roghanna a iniúchadh sula mbainfidh tú amach an áit ar mhaith leat a bheith. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin oibriú sa "bhoilgeog" eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnnna), gnólachtaí gnóthaí poiblí, sainchomhairleoireachtaí, ionadaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha agus na meáin atá timpeall ar na hinstitiúidí.

Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn an córas agus a dtagann na deiseanna chun cinn, ar na "cúlbhealaí" indíreacha nach bhfuil a fhios ag mórchuid na ndaoine fúthu, ról an líonraithe le bheith san áit cheart ag an am ceart, agus an gá le smaoineamh go straitéiseach i gcónaí. Ní fhaigheann go leor iarrthóirí a d'fhéadfadh a bheith ar fheabhas na gairmeacha atá á lorg acu mar nach dtuigeann siad an méid sin. Is ábhar mór casta é seo, agus tá sé taobh amuigh de scóip an leabhair seo. Mar sin, tapaigh an deis *Working for the EU: How to Get In* le Johannes de Berlaymont a léamh mar go bhfuil sé líon lán den fhaisnéis a theastaíonn uait le cuidiú leat anseo.

Ar deireadh, fiú má shocraíonn tú ag pointe éigin nach é an tAE ceann scríbe do conair ghairme é, bíodh a fhios agat nach gcuirfear amú an obair atá déanta agat maidir le hullmhú do chomórtais EPSO agus tabhairt fúthu ach an oiread. Tá cáil ar thástálacha EPSO gur ar an gcaighdeán is airde iad. Baineann go leor fostóirí móra úsáid as tástálacha a bhfuil go leor cosúlachtaí acu leo siúd a úsáideann EPSO, mar sin beidh buntáiste agat agus tú ag tabhairt fúthu.

## Na 10 Leid is Fearr atá Againn

Is follasach go bhfuil go leor gnéithe i gceist leis an mbeart a dhéanamh i gcomórtas EPSO, agus is féidir nach mbeidh an tábhacht chéanna ag na gnéithe difriúla a bhíonn sna comórtais éagsúla. Mar sin féin, roghnaíomar na "10 leid is fearr"– rudaí tábhachtacha le cuimhneamh orthu a bhaineann le beagnach gach comórtas.

1. **Smaoinigh go straitéiseach agus foghlaim faoin gcaoi a n-oibríonn an córas.** An bhfuil tú ag tabhairt faoi na comórtais chearta, an bhféadfá a thuilleadh taithí a fháil a bheadh ina cuidiú duit, an bhféadfá post sealadach a fháil a dhéanfadh tú a cháiliú do chomórtais inmheánacha? Uaireanta bíonn doras cúil ann chomh maith le doras tosaigh. Léigh *Working for the EU: How to Get In* chomh luath agus is féidir leat!

2. **Ná bíodh aon leisce ort iarratas a dhéanamh ar chomórtais iomadúla,** má tá tú cáilithe dóibh. Eagraítear gach comórtas go neamhspleách agus ní théann iarrachtaí nár éirigh leo roimhe seo i d'éadan, dá líomhaire iad féin. A mhéad comórtas a dtugann tú fúthu is ea is fearr a bheidh tú chucu. Déan do mhachnamh ar bheith i d'oiliúnaí AE freisin, ról a bhíonn ar fáil do 1200 duine gach bliain sa Choimisiún, agus cúpla céad rogha ann chomh maith i bParlaimint na hEorpa, i gCúirt Bhreithiúnais na hEorpa agus in institiúidí eile.

3. **Déan iarracht do sheansanna a ríomh i bhfianaise comórtais den chineál céanna roimhe seo.** Cinnte, glac páirt i gcomórtas a bhfuil an iomaíocht an-dian ann, ach más féidir leat cáiliú do chomórtas, luíonn sé le réasún tabhairt faoi gcomórtas sin ina áit onad an chinn eile, nó tabhairt faoin dá cheann acu. Agus cuimhnigh air go mbeidh do scóir réasúnaíochta uimhriúla, briathartha agus teibí bailí ar feadh 10 mbliana má éiríonn leat teacht trí chomórtas CAST.

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43



4 **Léigh an Fógra Comórtais go cúramach i gcónaí.** Ná déan talamh slán de go deo go bhfuil a fhios agat céard atá ann mar go ndearna tú comórtas den chineál céanna san am atá thart – is féidir go dtiocfaidh athrú ar na rialacha agus tagann, uaireanta ar bhealaí móra. Is féidir go dtiocfaidh mearbhall ar iarrthóirí faoi cheisteanna a mhínítear go soiléir san Fhógra Comórtais go han-fhurasta.

5 **Cloígh go docht le rialacha an chomórtais.** Ní mór go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraíonn tú do EPSO cruinn i gcónaí agus mar sin ná déan aon mhaíomh nach bhfuil fíor. Cuimhnigh air go bhfuil na spriocdhátaí righin – agus ní mór duit a bheith réamhghníomhach agus tú ag seiceáil do chuntais EPSO, mar nach mbeidh EPSO "i do dhiaidh".

6 **Déan cinnte de go dtuigeann tú córas scórála do chomórtais.** Cé hiad na heilimintí nach n-éilítear iontu ach pasmharc, céard iad na cinn ina n-éilítear ort a bheith i measc an "X is fearr"? Cé hiad na heilimintí a ndéantar iomlánú orthu agus cé hiad na cinn ar eilimintí aonair iad? Bíonn na rialacha éagsúil ó chomórtas go comórtas agus ní mór duit a thuiscint cé hiad na tástálacha ar dócha gurb iad na cinn is ríthábhachtaí duit.

7 **Ná brath riamh ar éirí go maith i dtástálacha áirithe thar thástálacha eile** – ní mór duit ullmhú do na tástálacha go léir mar go mbeidh ort spriocanna pasmharc a bhaint amach i ngach tástail cé go mbeidh níos mó tábhachta ag roinnt le tástálacha áirithe. Ach gabh céim amháin i ndiaidh a chéile – cuir i gcás, cé gur fiú a bheith ar an eolas faoi chleachtaí an Ionaid Mheasúnaithe ag an tús, ní fiú ullmhú dóibh go mion má tá tú le teip a fháil i do thástálacha réamhroghnaithe.

8 **Déan cleachtadh an oiread agus is féidir** agus é mar aidhm agat máistreacht a fháil ar na príomhtheicnící le go mbeidh siad agat go nádúrtha. Sábhálfaidh sé seo am ríthábhachtach duit agus tú faoi bhrú mar nach bhfuil mórán am machnaimh ann i dtástálacha réasúnaíochta EPSO. Tá sé seo ábhartha go háirithe do réasúnaíocht uimhriúil agus theibí.

9 **Is gnách gurb í an chomhairle is fearr "áit ar an taobh istigh a bhaint amach" ar dtús.** Má éiríonn leat a bheith i do bhuaiteoir gradaim, ní gá duit glacadh leis an gcéad tairiscint poist a thugtar duit. B'fhéidir go bhfuil cúiseanna pearsanta an-mhaith agat le diúltú di. Ach cuimhnigh air go bhfuil sé i bhfad níos fusa bogadh ar aghaidh nuair a bheidh tú istigh sa chóras cheana féin. Agus b'fhéidir nach dtiocfaidh an dara tairiscint poist sin go deo, nó nach dtiocfaidh sí ach cúpla mí ina dhiaidh sin tráth a bhfhéadfadh sé go mbeadh athrú tagtha ar do chúinsí pearsanta cheana féin.

10 **Ar deireadh thiar, ná ceap riamh gurb ionann an cás nár éirigh leat i do chomórtas EPSO agus teip phearsanta de shórt éigin.** Ní hamháin go bhfuil an iomaíocht an-dian go deo, ach is i gcomórtas le daoine uaillmhianacha agus rí-ullmhaithe ó gach cearn den Eoraip atá tú. I bhformhór na gcomórtas d'fhéadfaí go roghnófaí "dara foireann" d'iarrthóirí nár éirigh leo a bheadh beagnach chomh maith leis an "gcéad fhoireann". Is é nach bhfhostaíonn an AE a dhóthain daoine le glacadh leis na daoine cumasacha go léir atá ar fáil. Agus cuimhnigh, seasfaidh d'eispéireas leis an gcóras EPSO go maith duit le dul i ngleic leis na tástálacha cosúla a eagraíonn go leor fostóirí eile.

AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43
AD 2020 CH2_AAA blank 1.qxd 19/02/2020 15:43 Page 42